2024/2796

28.10.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2796 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 22 Deireadh Fómhair 2024

lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/2/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(1) de Chinneadh (CBES) 2019/2110, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála. ('an tArdionadaí')

(2) An 25 Lúnasa 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/1436 ([2]), lena gceaptar José Manuel MARQUES DIAS ina Cheann Misin ar Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

(3) An 28 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1333 ([3]), lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM RCA go dtí an 9 Lúnasa 2024.

(4) An 19 Iúil 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/1512 ([4]), lena gcuirtear síneadh le sainordú José Manuel MARQUES DIAS mar Cheann Misin EUAM RCA ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 9 Lúnasa 2024.

(5) An 17 Iúil 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/2021 ([5]), lena gcuirtear síneadh le sainordú José Manuel MARQUES DIAS mar Cheann Misin EUAM RCA ón 10 Lúnasa 2024 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024, faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM RCA tar éis an 9 Lúnasa 2024.

(6) An 22 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2003 ([6])), lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM RCA go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

(7) An 21 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2723 ([7])) lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM RCA go dtí an 7 Lúnasa 2026.

(8) An 20 Meitheamh 2024, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú José Manuel MARQUES DIAS mar Cheann Misin ar EUAM RCA go dtí an 9 Lúnasa 2025,

([1]) IO L 318, 10.12.2019, lch. 141.
([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1436 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Lúnasa 2022 maidir le Ceann Misin a cheapadh ar Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2022) (IO L 225, 31.8.2022, lch. 1).
([3]) Cinneadh ón gComhairle (CBES) 2022/1333 an 28 Iúil 2022, lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L 201, 1.8.2022, lch. 25).
([4]) Cinneadh (CBES) 2023/1512 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 19 Iúil 2023 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2023) (IO L 184, 21.7.2023, lch. 30).
([5]) Cinneadh (CBES) 2024/2021 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 17 Iúil 2024 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2024) (IO L, 2024/2021, 23.7.2024, ELI https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2024/2021/oj).
([6]) Cinneadh (CBES) 2024/2003 ón gComhairle an 22 Iúil 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IOL, 2024/2003, 23.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2003/oj).
([7]) Cinneadh (CBES) 2024/2723 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L, 2024/2723, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2723/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú José Manuel MARQUES DIAS mar Cheann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ón 1 Samhain 2024 go dtí an 9 Lúnasa 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK